



8238/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0295(COD)**

**CODEC 610
COMER 36
CONOP 18
CFSP/PESC 430
ECO 50
UD 127
ATO 30
COARM 85**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar córas Aontais a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar bhróicéireacht, ar chúnamh teicniúil agus ar aistriú ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras (athmhúnlú) (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 30 Meán Fómhair 2016, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún an 25 Márta 2021. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis².

¹ 12785/16 + ADD1 go ADD3.

² 6959/21.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a mholadh don Chomhairle:
- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 54/20 é, a fhorghnóthas mar mhír “A” ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
 - a chinneadh go ndéanfar an ráiteas a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur i miontuairiscí an chruinnithe sin agus a fhoilsiú i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
4. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle³, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 12 Bealtaine 2021.
5. Má fhorghnóthas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

³ Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena sínítear a thuilleadh an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253, (AE) 2020/1659 agus (AE) 2021/26, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paidéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lgh. 15–16).